Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. en)**

**10734/22**

**ESE 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 256 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE 16ú tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 256 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 256 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2022
COM(2022) 256 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**16ú tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**16ú tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh**

## 1. RÉAMHRÁ

Is é Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle[1] (an 'Rialachán um Chabhair') an bunús le cúnamh a sholáthar do phobal Turcach na Cipire (TCc) agus is rud é lena gceanglaítear tuairisciú bliantúil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa.

## 2. CLÁRÚ AN CHÚNAIMH

Idir 2006 agus deireadh 2021, bhí EUR 623 milliún cláraithe le haghaidh oibríochtaí faoin Rialachán um Chabhair. Ba é EUR 30.7 milliún an méid a gealladh i mí na Nollag 2021 do chlár gníomhaíochta bliantúil 2021[2]. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 tugadh peirspictíocht ilbhliantúil don chlár agus tá foráil ann maidir le cistiú cobhsaí bliantúil. Tá an clár cúnaimh eisceachtúil agus idirthréimhseach, áfach, agus tá sé d'aidhm aige cur i bhfeidhm iomlán an *acquis communautaire* a ullmhú agus a éascú, de réir mar is iomchuí, sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu tar éis réiteach ar fhadhb na Cipire, agus ceadaíodh athbhreithniú ar an gclár leis an Rialachán um Chabhair mar aon le Rialachán Uimh. 2020/2093 ón gComhairle[3] lena leagtar síos CAI, i gcás athaontú.

## 3. SÁSRAÍ CUR CHUN FEIDHME

Cuirtear an clár chun feidhme i limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu agus ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* ar fionraí go sealadach de bhun Phrótacal 10 den Chonradh Aontachais. Cuirtear cúnamh chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

Oibríonn an Coimisiún i gcomhthéacs uathúil polaitiúil, dlíthiúil agus taidhleoireachta. Agus cúnamh den sórt sin á dheonú, ní thabharfar le tuiscint go dtabharfar aitheantas d'aon údarás poiblí sna limistéir seachas Rialtas Phoblacht na Cipire. Tá gá le socruithe *ad hoc* chun an clár a chur chun feidhme agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais á n-urramú ag an am céanna. I gcláir cabhrach arna gcistiú ag an Aontas, faoi ghnáthchúinsí, is le comhaontuithe le rialtas is tairbhí a bhunófaí an creat dlíthiúil chun an cúnamh a fhorbairt. Ní féidir aon chomhaontú den sórt sin a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt do TCc. Tá bainistiú agus maolú an bhunriosca mar chuid de fhreagracht an Choimisiúin agus áirítear leis na bearta a glacadh dianfhaireachán ar chonarthaí agus tacaíocht a sholáthar do thairbhithe, coinníollacha íocaíochta athbhreithnithe agus cur chuige cúramach maidir le húsáid ráthaíochtaí bainc. Tá méid suntasach tacaíochta deontais san áireamh sa chúnamh, agus is gá bainistiú atá dian ar acmhainní a dhéanamh ina leith.

Chun tionchar a áirithiú, ní mór do TCc a bheith iomlán rannpháirteach san ullmhúchán do chur chun feidhme an *acquis* ós rud é go dtarraingeofar siar a fhionraíocht i gcomhréir le Prótacal 10, tar éis an réitigh.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 13.12.2021 maidir le Clár Gníomhaíochta a ghlacadh do phobal Turcach na Cipire don bhliain 2021 (C(2021) 8905).

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

Feidhmíonn foireann an chláir trí Oifig Tacaíochta Clár an Aontais sna limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach sa Niocóis. Óstálann Ionadaíocht an Choimisiúin sa Chipir cruinnithe, seimineáir agus preasagallaimh agus déanann sí cumarsáid le pobal na Cipire ar fud an oileáin, lena n-áirítear cumarsáid maidir leis an gClár Cabhrach. Ina theannta sin, déanann Pointe faisnéise an Aontais, arna chistiú faoin gClár Cabhrach, raon gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta, gníomhaíochtaí ina gcuirtear faisnéis ar fáil faoi bheartais, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le TCc, agus chun cultúr na hEorpa a chur chun cinn.

## 4. CUR CHUN FEIDHME LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

### 4.1. Forléargas ginearálta

Tá an Coimisiún fós ag cur an Rialachán um Cabhair chun feidhme agus é mar aidhm fhoriomlán aige tacú le hathaontú. I gcás réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh d’aon toil maidir leis na hoiriúnuithe is gá ar an Rialachán seo.

I measc na n-oibríochtaí in 2021 bhí leanúint le roinnt tionscadal seanbhunaithe agus rathúil, amhail scoláireachtaí ón Aontas agus bearta forbartha muiníne chun tacú leis an gCoiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha agus leis an gCoiste um Dhaoine atá ar Iarraidh. Bhí tionscnaimh na gCoistí Teicniúla dé-phobail fós á gcistiú.

Tá an tacaíocht deontais fós ina gné bhunriachtanach den chlár. Cuireadh níos mó cúnaimh ar fáil do na príomhearnálacha eacnamaíocha atá ag ullmhú le haghaidh réitigh trí thionscadail atá dírithe ar an earnáil phríobháideach, ar ceantair thuaithe agus ar fhorbairt acmhainní daonna. Leanadh leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an staid mar atá maidir le galair ainmhithe a dhíothú agus maidir le sábháilteacht bia a fheabhsú.

In Aibreán 2021, ghlac an Coimisiún an dá ghníomh dlí seo a leanas: Rialachán (AE) 2021/591 lena gcuirtear Halloumi/Hellim leis an gclár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (TGFC) agus Cinneadh (AE) 2021/586 lena gceadaítear Halloumi/Hellim a thrádáil trasna na Líne Glaise a luaithe a bheidh a gcaighdeáin táirgthe ailínithe ag táirgeoirí Turcacha na Cipire le caighdeáin an Aontais maidir le sláinte ainmhithe agus sábháilteacht bia. Ón 1 Deireadh Fómhair 2021, ní féidir ach Halloumi/Hellim a tháirgtear sa Chipir de réir an oidis thraidisiúnta a chur ar mhargadh an Aontais faoin ainm sin. Seoladh sraith beart tacaíochta ina dhiaidh sin chun cuidiú leis an bpacáiste STFC Halloumi/Hellim in TCc a chur chun feidhme.

Tá bearnaí suntasacha fós i gcumas na dtairbhithe an *acquis* a chur chun feidhme go héifeachtach, tar éis réiteach cuimsitheach. Mar sin féin, lean TCc de bheith ag déanamh dul chun cinn maith i roinnt réimsí agus fuair sé tuiscint níos daingne ar na dúshláin.

Saincheist amháin atá ar siúl is ea tógáil líonra séarachais Famagusta, líonra ar chuir an Coimisiún deireadh leis an gconradh ina leith i mí na Nollag 2013. Cuireadh an díospóid leis an iarchonraitheoir chun eadrána agus tá na himeachtaí fós ar siúl. Ag an am céanna, cuireadh conradh i gcrích le haghaidh na n-oibreacha ceartaitheacha gaolmhara agus cuireadh tús leis na hoibreacha.

Chuir paindéim COVID-19 bac ar chur chun feidhme an Chláir Cabhrach. Lean an Coimisiún de bheith ag áirithiú go mbainfí amach an clár in ainneoin na gcúinsí, agus

chuir sé bearta maolaithe i bhfeidhm chun a áirithiú go bhféadfaí dul ar aghaidh leis na tionscadail gan bhac. Bhí pacáiste éigeandála mar chuidiú chun na soláthairtí leighis ba phráinní, tacaíocht eacnamaíoch le haghaidh mhicreaghnólachtaí agus FBManna, agus sainchomhairle do TCc a chur ar fáil.

Ag deireadh na bliana, bhí 191 chonradh ag feidhmiú faoin gClár Cabhrach.

## 4.2. Dul chun cinn de réir cuspóirí

Is é cuspóir foriomlán an Chláir Cabhrach athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch TCc a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar chomhtháthú eacnamaíoch an oileáin, ar theagmhálacha a fheabhsú idir an dá phobal agus leis an Aontas, agus ar an ullmhúchán don *acquis*.

Tugtar tuairisc thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2021, le haghaidh gach cuspóra de chuid an Rialacháin um Chabhair.

### *4.2.1. Cuspóir 1: Bonneagar a fhorbairt agus a athstruchtúrú*

Lean Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) den 'Saoráid Bonneagair Áitiúil' (LIF) a chur chun feidhme trí chomhaontuithe ranníocaíochta leanúnacha arna síniú leis an gCoimisiún, thar ceann an Aontais, ar EUR 23.4 milliún. Cuireann an tsaoráid tacaíocht ar fáil chun infheistíochtaí ábhartha sa bhonneagar áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme. Chomh maith le 13 thionscadal shuntasacha a fuair tacaíocht ó LIF, cuireadh an tríú glao barrfheabhsaithe ar thograí le haghaidh pobail áitiúla i gcrích in 2021 freisin, agus mar thoradh air sin bhí 4 thionscadal sa bhreis ar phíblíne LIF. In 2021, cuireadh tús le hobair thógála ar Ionad Comhair Kormakitis, agus síníodh an conradh deartha agus tógála le haghaidh síneadh a chur le hionad cóireála fuíolluisce Morphou.

San earnáil uisce, cuireadh tógáil thruncshéarach nua na Niocóise (NNTS) i gcrích i mí na Samhna 2021. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal 13 km de shéaraigh a thógáil chun fuíolluisce a chur ó limistéar na Niocóise go dtí ionad cóireála fuíolluisce dé-phobail na Niocóise, ar tionscadal é a fuair cistiú dá chuid féin ón Aontas Eorpach agus a cuireadh i gcrích in 2013. Leis an tionscadal laghdófar éilliú screamhuisce agus cosnófar acmhainní uisce comhroinnte le haghaidh an oileáin ar fad.

Cuireadh tús le hoibreacha ceartaitheacha ar líonraí séarachais Famagusta i mí Iúil 2021, nuair a bhí na dálaí i gceart chun an conradh a chur chun feidhme go héifeachtach.

Rinneadh dul chun cinn maith sa dá chonradh oibreacha leasaithe – conradh le haghaidh síneadh líonta talún agus conradh le haghaidh ionad díghásaithe líonta talún,
agus luach is mó ná EUR 4.5 milliún d'infheistíocht i mbainistiú na dramhaíola soladaí i gceist leo – in ainneoin phaindéim COVID-19. Leis na leasuithe, bhíothas in ann suas le 0.8MW de chumhacht leictreach a tháirgeadh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh (gás líonta talún a bhailiú, a chóireáil agus a dhó). Chumhachtódh an fuinneamh leictreach cóireáil inbhuanaithe fuíolluisce líonta talún (láisteáit) ag an tsaoráid chóireála nua-choimisiúnaithe.

Ar an drochuair, níor éirigh leis an tairbhí an tsaoráid líonta talún a úsáid mar a bhí beartaithe ar dtús, lena n-áirítear an t-ionad cóireála láisteáite. Cé gur coimisiúnaíodh í in 2021, dúnadh an t-ionad cóireála láisteáite ina dhiaidh sin agus coimeádadh gan úsáid í ar feadh níos mó ná 10 mí. Is cinnte gur tháinig meath suntasach ar an

infheistíocht dá bharr sin. Tá an Coimisiún ag obair gan staonadh chun an staid sin a chur ina cheart agus chun oibriú na saoráide a chur ar ais ar an mbóthar ceart.

Leis an gconradh seirbhíse forbartha acmhainní tugadh isteach prionsabail an gheilleagair chiorclaigh maidir le cleachtais bainistithe dramhaíola do phobail áitiúla. Cuireadh tús leis an obair chun an chéad eagraíocht neamhbhrabúis um fhreagracht táirgeoirí a bhunú chun dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil. Tá an próiseas sin gar do bheith curtha i gcrích. Mar chuid den tionscnamh seo, d'éirigh le feirmeoirí áitiúla sloda fuíolluisce ó ionad cóireála fuíolluisce na Niocóise a thriail agus a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir leis an bplean comhtháite bainistithe um dhramhaíl sholadach arna chistiú ag an Aontas, tá deontais a chuidíonn le hocht bpobal áitiúla chun feabhas a chur ar a mbonneagar bainistithe dramhaíola ar an gcéim dheiridh den chur chun feidhme.

Neartaíodh an acmhainn theicniúil áitiúil chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil trí athchóiriú a dhéanamh ar an líonra faireacháin ar cháilíocht an aeir agus trí shaotharlann tagartha maidir le cáilíocht aeir agus breosla a bhunú. An líonra faireacháin ar cháilíocht an aeir, líonra a d'fheidhmigh go hiomlán ar feadh 2021, soláthraíonn sé tomhais anois do bhreis truailleán i líon níos mó áiteanna.

*4.2.2. Cuspóir 2: Forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn*

Chumhdaigh an Clár Cabhrach i gcónaí na riachtanais ba phráinní a shainaithin an earnáil sláinte chun paindéim COVID-19 a chomhrac agus rinne sé pacáiste éigeandála eacnamaíche dar luach EUR 11 milliún a chur ar fáil chun a thionchar socheacnamaíoch a mhaolú.

Ba é an tionscadal 'Fiontraíocht Nuálach agus Idirphlé', tionscadal a cuireadh chun feidhme le Comhar Thar Lear Thuaisceart Éireann (NI-CO), an príomhbhealach a bhí ann le cuidiú chun drochéifeachtaí eacnamaíocha na paindéime a chomhrac. Leithdháileadh EUR 7.2 milliún san iomlán ar an scéim deontais 'Caomhnú agus Cruthú Fostaíochta', scéim deontais ina bhfaighidh 86 micreaghnóthas agus gnólachtaí beaga cistiú suas le luach EUR 60 000.

I réimse na forbartha tuaithe, cuireadh síneadh le tionscadal cúnaimh theicniúil maidir le seirbhísí comhairleacha feirme (FAS) agus tiocfaidh deireadh leis in Eanáir 2024. Is é is aidhm dó cuidiú le feirmeoirí Turcacha na Cipire straitéis FAS a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhairle, oiliúint agus neartú acmhainní a chur ar fáil do chomhairleoirí áitiúla.

D'fhonn tacú le cur chun feidhme an phacáiste STFC Halloumi/Hellim, cuireadh idirghabháil thábhachtach dar luach EUR 3.1 milliún ar conradh in 2021 maidir le sábháilteacht bia agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna. Is é is aidhm don tionscadal cúnaimh theicniúil dlús a chur le cur chun feidhme na gcaighdeán sláinteachais bia agus sábháilteachta bia atá ailínithe leis an Aontas in TCc, agus feabhas a chur ar an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le galair ainmhithe.

Ina theannta sin, tugadh an dara sampláil agus tástáil ar mhórscála ar ainmhithe maidir le galair thosaíochta (brúsallóis agus eitinn) i gcrích le tionscadal cúnaimh theicniúil chun cumais speisialtóirí tréidliachta a neartú chun galair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú. Chuir an Coimisiún tástálacha saotharlainne, tomhaltáin tréidliachta, agus seirbhísí ar fáil chun sampláil agus tástáil a dhéanamh ar

ainmhithe. Rinneadh níos mó ná 6 100 tréad agus breis agus 427 000 ainmhí (eallach, caoirigh agus gabhair) a shampláil chun ainmhithe ionfhabhtaithe a bhrath agus iad a aistriú ó fheirmeacha. Mar thoradh air sin, tá laghdú ag teacht ar leitheadúlacht na brúsalóise in TCc.

Chuidigh tacaíocht ón Aontas freisin le dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht tréidlianna príobháideacha chun sampláil agus tástáil ainmhithe a chur chun feidhme. Cuireadh trealamh saotharlainne ar fiú beagnach EUR 500 000 é ar fáil freisin chun cur le raon feidhme agus iontaofacht na tástála i mbia agus i saotharlanna sláinte.

In earnáil an oideachais, chuidigh tionscadal cúnaimh theicniúil maidir le feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim le hanailís staide a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus le hanailís ar úsáid theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide in TCc. Tá an Coimisiún fós ag obair ar an sprioc fhadtéarmach atá aige an t-oideachas do leanaí Turcacha na Cipire a ailíniú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Tá an tionscadal, ar fiú EUR 1.1 milliún é, curtha i gcrích chun trealamh a sholáthar do bhunscoileanna le saotharlanna eolaíochta. Seachadadh agus suiteáladh an troscán agus an trealamh i 48 mbunscoil. Seachadadh saotharlann shoghluaiste (bus atá feistithe go speisialta) ar an tairbhí freisin. Eagraíodh sraith d'oiliúint phraiticiúil do mhúinteoirí bunscoile a mbeidh i mbun ceachtanna sna saotharlanna. Ag an am céanna, seoladh beart tionlacain chun treoir a thabhairt maidir le húsáid éifeachtach agus inbhuanaitheacht na saotharlann. Rinneadh ullmhúcháin fós chun shaotharlanna a chur ar fáil do mheánscoileanna.

Cé gur chuir paindéim COVID-19 isteach beagán ar an tionscadal maidir le forbairt curaclaim don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint leanadh den tionscadal i réimsí roghnaithe an ghairmoideachais agus é mar aidhm aige infhostaitheacht na hóige a fheabhsú. Chuir na tairbhithe in iúl arís agus arís eile go raibh siad sásta le gníomhaíochtaí an tionscadail agus d'iarr siad síneadh 2 bhliain eile a chur leis.

Sholáthair an clár faireacháin eacnamaíoch arna reáchtáil ag an mBanc Domhanda mionanailís, cúnamh teicniúil agus tograí maidir le feabhas i gcónaí. Dhírigh an clár ar anailís mhaicreacnamaíoch agus ar fhorbairt inbhuanaithe, ar an timpeallacht ghnó agus ar na héifeachtaí a bhaineann le hathaontú, le hinfhostaitheacht agus le scileanna, agus béim ar leith á leagan ar chumhachtú eacnamaíoch na mban, agus mionanailís a dhéanamh ar ghnéithe sonracha den táirgeadh talmhaíochta.

I réimse an staidrimh, síníodh dhá chonradh in 2021 chun bonneagar TF agus cúnamh teicniúil a sholáthar, d'fhonn soláthar gnó agus bainistiú foinsí sonraí riaracháin a fheabhsú. Comhlánaítear na tionscadail sin trí chúnamh spriocdhírithe a chur ar fáil trí ionstraim an Choimisiúin um chúnamh teicniúil agus malartú faisnéise (TAIEX) agus tríd an mBanc Domhanda. Tá na tionscadail mar chuid de straitéis níos leithne de chuid an Aontais chun feabhas a chur ar tháirgeadh staidrimh in TCc.

### 4.2.3. *Cuspóir 3: Athmhuintearas a chothú, bearta chun muinín a chothú, agus tacaíocht don tsochaí shibhialta a chothú*

Lean an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh (CMP) lena obair allamuigh agus lena obair saotharlainne, le tacaíocht ón gClár Cabhrach trí chomhaontú ranníocaíochta le UNDP. Faoi dheireadh 2021, as an 2 002 duine ar an iomlán a bhí ar iarraidh, d'athnocht an CMP 1 184 tacar de thaisí. Díobh sin, aithníodh 1 023 go géiniteach agus cuireadh ar ais chuig a dteaghlaigh iad. Chuir an phaindéim agus an aimsir an-te

moill mhór ar na hoibreacha tochailte in 2021, agus dá dheasca sin lean na comhaltaí CMP ar aghaidh le cur chun feidhme a straitéis tochailte teagmhais i gcás imeachtaí gan choinne.

I mí na Nollag 2021, síníodh comhaontú ranníocaíochta nua EUR 2.6 milliún chun cistiú a chur ar fáil d'oibríochtaí CMP in 2022. Ar an iomlán, in 2006-2021, ranníoc an tAontas breis agus EUR 30 milliún, suim ab ionann agus 75 % den chistiú ar fad le haghaidh CMP sa tréimhse sin.

Bhí cosaint na hoidhreachta cultúrtha tríd an gCoiste Teicniúil dé-phobail um Oidhreacht Chultúrtha (TCCH) fós ina phríomhghné de na bearta athmhuintearais agus cothaithe muiníne a fhaigheann tacaíocht faoin gClár Cabhrach, agus cuireadh 18 dtionscadal i gcrích in 2021. Ar an iomlán, fuair an clár oidhreachta cultúrtha thart ar EUR 22 milliún de chistí an Aontais. Leis sin, bhíothas in ann níos mó ná 107 suíomh oidhreachta cultúrtha ar fud an oileáin a chaomhnú, tacaíocht struchtúrach a thabhairt dóibh, cosaint fhisiceach a thabhairt dóibh nó athchóiriú a dhéanamh orthu.

Lean an tsaoráid chun tacú leis na Coistí Teicniúla dé-phobail de bheith ag tabhairt an dá phobal le chéile agus de bheith ag réiteach dúshláin laethúil mhuintir na Cipire. D'ainneoin na paindéime, chuir an Coiste um Chultúr, um Chomhshaol, um Oideachas agus um Shláinte roinnt gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feidhme.

Tar éis do Choláistí Domhanda Aontaithe (UWC) scéim phíolótach scoláireachta dé-chomhphobail a chur chun feidhme go rathúil, chuir comhaontú nua ar chumas 10 mac léinn Turcacha na Cipire agus 10 mac léinn Gréagacha na Cipire tús a chur leis an gclár idirnáisiúnta dioplóma bacalaureate i dtíortha éagsúla in 2021. Áirítear ar na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag UWC gníomhaíochtaí rannpháirtíochta trasphobail don aos óg agus gearrchúrsaí atá dírithe ar an óige a chumhachtú chun athrú dearfach a bhaint amach ina sochaithe.

Leanadh den tacaíocht don tsochaí shibhialta in 2021. Le Spás na Sochaí Sibhialta, trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), leanadh de bheith ag cabhrú le cumas ESSanna a fhorbairt, ag cur timpeallacht chumasúcháin chun cinn chun an tsochaí shibhialta a fhorbairt agus ag spreagadh líonrú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha le ESSanna Gréagacha na Cipire agus le ESSanna eile ón Aontas. Rinneadh athbhreithniú ar chomhpháirt saoránachta ghníomhach Spás na Sochaí Sibhialta, ar a dtugtar 'Grow Civic' freisin, agus tacóidh sé le gníomhaíochtaí cearta-bhunaithe na n-ESSanna agus na ngníomhaithe.

Bronnadh 11 deontas nua san iomlán, le haghaidh ESSanna níos lú agus de chuid en phobail den chuid is mó, faoi 'Sochaí Shibhialta na Cipire i mbun gnímh VII'. Cuireadh formhór na dtionscadal ón nglao roimhe seo agus ón nglao frithgháinneála i gcrích go rathúil in 2021. Tá na cinn eile ar chéim dheiridh a gcur chun feidhme. Na daoine a fuair deontais agus a chuir iarratais isteach le comhpháirtithe dé-phobail, lean siad de bheith ag comhoibriú lena gcomhghleacaithe Gréagacha na Cipire.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, thosaigh an Cumann Ardán um Chearta an Duine ar a dheontas díreach arna gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme. Leis an ardán, déanfar faireachán agus tuairisciú ar fhrithgháinneáil, ar chearta dídeanaithe, ar chearta LGBTI+, ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha, ar dhálaí coinneála agus ar shaoirse ó chéasadh. Tacóidh sé freisin le híospartaigh agus treiseoidh sé acmhainní na sochaí sibhialta maidir le saincheisteanna atá bunaithe ar chearta i gcoitinne.

Mar chuid den scéim deontais don phobal áitiúil, tógadh dídean chun freastal ar íospartaigh foréigin teaghlaigh sa Niocóis. Chuidigh an tionscadal freisin le feasacht a ardú agus le nósanna imeachta tacaíochta in TCc a chuíchóiriú.

### 4.2.4. *Cuspóir 4: TCc a thabhairt níos gaire don Aontas*

Rinneadh bainistiú 'clár scoláireachtaí an Aontais' a tharmligean chuig Comhairle na Breataine ón mbliain acadúil 2014-2015. Leis an mbuiséad a bhí ar fáil faoin nglao deireanach bhíothas in ann 136 scoláireacht don bhliain acadúil 2021-2022 a chistiú. Tacaíonn na scoláireachtaí sin le mic léinn le linn na chéad bhliana staidéir fochéime, le mic léinn iarchéime ina gcuid máistreachta nó ina gcláir dhochtúireachta, agus le taighdeoirí agus gairmithe chun a scileanna teanga agus gairmiúla a fhorbairt a thuilleadh ar fud thíortha an Aontais.

Ó 2007 i leith, bronnadh isteach agus amach le 2 000 scéim deontais chun staidéar a dhéanamh i mbreis agus 100 ionad foghlama san Aontas a bhfuil baint acu le 100 ollscoil, agus a chuimsíonn 23 thír chinn scríbe san Aontas agus oiliúint i mbreis is 20 gairm éagsúla. Ó 2022 ar aghaidh, cuirfear an Institiúid Goethe ina comhpháirtí cur chun feidhme in ionad Chomhairle na Breataine. Tugadh comhaontú chun críche le Coláiste na hEorpa le haghaidh scoláireachtaí do suas le triúr dhuine de phobal Turcach na Cipire, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir iontrála.

Bhain Pointe faisnéise an Aontais, atá á bhainistiú ag Oifig Tacaíochta Chlár an Aontais in éineacht le hIonadaíocht an Choimisiúin sa Chipir, leibhéal ard infheictheachta amach don Aontas le linn 2021 trína chuid gníomhaíochtaí ar líne agus as líne araon. Cuimsíodh breis agus 20 téama a bhaineann leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear comhionannas inscne, foréigean inscne, cearta LGBTI+, cearta do dhaoine faoi mhíchumas, bréagaisnéis, agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Cuireadh an Comhaontú Glas don Eoraip chun cinn trí sheimineáir ghréasáin maidir le fuinneamh inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, cosc dóiteáin, neamhthruailliú, bainistiú dramhaíola agus dramhaíl ó phacáistíocht.

D'eagraigh Pointe Eolais an Aontais 32 imeacht, lena n-áirítear feachtas mórscála ar líne Lá na hEorpa agus 79 n-imeacht athfhillteacha, lena n-áirítear sraith ceolchoirmeacha ar líne, buntreoir do theangacha Eorpacha nua, agus ceardlanna ealaíne. Bhí os cionn 15 000 duine rannpháirteach sna himeachtaí. Cuireadh tús le feachtas faisnéise ar mhórscála 'stíl mhaireachtála fholláin do chách' agus cuireadh chun feidhme é. Ar deireadh, táirgeadh 12 nuachtlitir agus 9 ngrafaic faisnéise/foilseacháin, scaipeadh 471 táirge faisnéise, agus bhí 289 n-alt nuachta agus 11 spota teilifíse le feiceáil sna meáin áitiúla.

Deimhníonn an trácht ar an leathanach Facebook 'Abbilgi' an tóir a bhí ar na gníomhaíochtaí, le níos mó ná 2 000 leanúna nua in 2021, rud a fhágann go bhfuil líon iomlán na leanúna ó bunaíodh é méadaithe go 22 812.

### 4.2.5. *Cuspóirí 5-6: Pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an acquis a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme*

Úsáidtear Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise an Choimisiúin (TAIEX) chun cuspóirí 5 agus 6 den Rialachán um Chabhair a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, cuidíonn sí le hullmhú TCc chun an *acquis* a chur chun feidhme ós rud é go dtarraingeofar siar a fhionraíocht nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire i bhfeidhm.

Leanadh den chúnamh in 2021 i 12 phríomhréimse, nó 'earnálacha', den *acquis*. Tacaíocht TAIEX curtha in oiriúint go rathúil don socrú ar líne, le spéis níos mó i mbeagnach gach earnáil. Ar an iomlán, eagraíodh 147 n-imeacht TAIEX in 2021, méadú an-mhór i gcomparáid le 49 n-imeacht in 2020. Chomh maith le gníomhaíochtaí rialta TAIEX, rinneadh iarrachtaí chun bunachar sonraí a fhorbairt de na téacsanna dlíthiúla uile a dréachtaíodh le tacaíocht TAIEX agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an aistriúcháin agus na hateangaireachta inTCc.

Sholáthair saineolaithe TAIEX cúnamh leanúnach mar chuid den fhreagairt ar COVID-19. Tacaíocht atá dírithe ar bhearta braite agus maolaithe, go háirithe bearta sláinte poiblí, straitéis tástála éifeachtach agus pleananna vacsaínithe. Chuidigh na saineolaithe freisin le cumas saotharlainne a fheabhsú agus le líonra fógraí faireachais cógas a bhunú sa TCc.

Thug TAIEX tacaíocht i gcónaí don trádáil trasna na Líne Glaise (Rialachán 866/2004). Thosaigh saineolaithe neamhspleácha atá sainordaithe ag an gCoimisiún ar chigireachtaí rialta ar phrátaí, ar mhil agus ar iasc úr in 2021.

## 4.3. Forghníomhú airgeadais (conarthaí agus íocaíochtaí)

### *4.3.1. Conraitheoireacht*

Shínigh an Coimisiún gealltanais dhlíthiúla dar luach EUR 30 milliún in 2021. Ciallaíonn sé sin gur cuireadh deireadh leis an riaráiste conraitheoireachta, ag cur san áireamh srianta daonna agus airgeadais, bearnaí in ullmhacht le haghaidh leathadh amach an *acquis* amach anseo agus inbhuanaitheacht tionscadal.

### *4.3.2. Íocaíochtaí*

Ba é EUR 38 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí in 2021 (EUR 41 milliún in 2020).

## 4.4. Faireachán

Tá an Coimisiún freagrach go díreach as formhór na dtionscadal (bainistíocht dhíreach) a chur chun feidhme. Tá leibhéal an-ard faireacháin á dhéanamh ag foireann an Choimisiúin, le teagmhálacha leanúnacha le conraitheoirí, cuairteanna spotseiceála, cruinnithe láithreáin agus cruinnithe coistí stiúrtha. Lean an cúnamh teicniúil a chuir an Fhoireann Tacaíochta Deontais ar fáil de bheith ag tacú leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme conarthaí deontais, agus ag an am céanna cúnamh a thabhairt do thairbhithe deontais rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí deontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear rialacha soláthair thánaistigh.

Cuireann an Coimisiún roinnt conarthaí chun feidhme freisin trí bhainistíocht indíreach. Tuairiscíonn na comhlachtaí cur chun feidhme, amhail UNDP, Comhairle na Breataine, agus NI-CO, don Choimisiún i gcomhréir leis na creat-chomhaontuithe réime lena mbaineann, faoi seach. Tá dlúthbhaint ag an gCoimisiún leis an bhfaireachán laethúil a dhéantar ar na gníomhaíochtaí sin.

## 4.5. Iniúchtaí agus rialuithe

Cuireadh chun feidhme go hiomlán na moltaí ón iniúchadh deireanach a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in 2017, ar moltaí iad a bhain le socruithe rialaithe inmheánaigh i réimse an tsoláthair phoiblí.

## 4.6. Meastóireacht

Rinne an tionscadal faireacháin dírithe ar thorthaí athbhreithniú i gcónaí ar na gníomhaíochtaí roghnaithe agus cuireadh an oiliúint a bhí beartaithe leis ar fáil maidir le cumas feabhsaithe faireacháin inmheánaigh na bpáirtithe leasmhara ábhartha. Tá moltaí shaineolaithe ROM maidir le hábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht á n-ionchorprú sna gníomhaíochtaí a ndearnadh athbhreithniú orthu agus ina dhiaidh sin.

Cuireadh an mheastóireacht mheántéarma ar an gClár Cabhrach i gcrích in 2021. Ba é an cuspóir a bhí léi sin measúnú neamhspleách foriomlán a chur ar fáil agus fianaise a bhailiú ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chuspóirí an Rialacháin um Chabhair a bhaint amach le haghaidh 2013-2018. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil deiridh gur féidir a mheas go bhfuil an Clár Cabhrach an-ábhartha agus, i bhfianaise imthosca sonracha an chomhthéacs TCc, gur tionscnamh é ar éirigh go maith leis, lena mbaineann breisluach suntasach don Aontas.

### 4.7. Faisnéis, Poiblíocht agus Infheictheacht

Ar an iomlán, cuireadh 394 ghníomhaíocht infheictheachta agus cumarsáide chun feidhme in 2021, ar líne den chuid is mó mar gheall ar shrianta COVID-19. Rinneadh dul chun cinn le hullmhúcháin na leabhráin maidir le tacaíocht ón Aontas mar fhreagairt ar COVID-19 agus maidir le forbairt na hearnála príobháidí.

### 4.8. Comhairliúcháin le Rialtas Phoblacht na Cipire

Tionóladh cruinnithe le hionadaithe Rialtas Phoblacht na Cipire, go pearsanta agus ar líne araon. Tá an Coimisiún ag brath i gcónaí ar chomhar an Rialtais maidir le cearta maoine a fhíorú agus obair na gcoistí teicniúla dé-phobail a éascú. Bíonn cruinniú rialta ag an gCoimisiún leis an mBuanionadaíocht.

## 5. CONCLÚIDÍ

Tá an Coimisiún fós ag cur cúnamh ar fáil faoin Rialachán um Chabhair chun athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch an TCc a spreagadh, trí bhíthin an obair a dhéanann sé i gcomhréir le sé chuspóir an Rialacháin um Chabhair. I rith 2021, bhí an cúnamh fós dírithe ar réimsí ina bhfuil fadhbanna ar leith maidir le comhlíonadh an *acquis* amach anseo.

Léireofar cuntas teiste an chúnaimh a tugadh roimhe seo agus aibíocht na dtionscadal ar bhonn leanúnach sna babhtaí clárúcháin a bheidh ann amach anseo. Leanfar de na hiarrachtaí a dhíriú ar thionchar níos mó a imirt sna réimsí tosaíochta trí líon níos lú de ghníomhaíochtaí níos mó.

Tá an Coimisiún réidh chun acmhainní a úsáid, lena n-áirítear faoin gClár Cabhrach, chun tacú leis an gcaibidlíocht réitigh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe de réir mar is gá.